C/2024/6596

29.10.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11418 – ADQ / EGPC / ETHYDCO / EDC / ELAB)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6596)

1. An 22 Deireadh Fómhair 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Alpha Oryx III Limited ('Alpha', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha), faoi rialú Abu Dhabi Developmental Holding Company P.J.S.C. ('ADQ', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha),

— Egyptian General Petroleum Corporation ('EGPC', an Éigipt),

— Egyptian Ethylene and Derivatives Company (ETHYDCO) S.A.E. ('ETHYDCO', an Éigipt),

— Egyptian Drilling Company S.A.E. ('EDC', an Éigipt), faoi rialú EGPC,

— Egyptian Linear Alkyl Benzene (Elab) S.A.E. ('ELAB', an Éigipt), faoi rialú EGPC.

Gheobhaidh Alpha rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar ETHYDCO ina iomláine. An tráth céanna, gheobhaidh Alpha agus EGPC rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar EDC agus ELAB.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is ceann de na cuideachtaí sealbhaíochta is mó sa réigiún í ADQ a bhfuil infheistíochtaí díreacha agus indíreacha aici i roinnt earnálacha ar fud gheilleagar Abú Daibí, lena n-áirítear bia agus talmhaíocht, eitlíocht, seirbhísí airgeadais, cúram sláinte, tionscail, lóistíocht, meáin, réadmhaoin, turasóireacht agus fáilteachas, iompar agus fóntais,

— Is comhlacht corpraithe é EGPC atá eagraithe agus atá ann faoi dhlíthe na hÉigipte agus tá sé gníomhach i bhforbairt acmhainní peitriliam agus i saothrú toibreacha ola,

— Tá ETHYDCO, EDC agus ELAB gníomhach i dtáirgeadh díorthach peitriliam agus san earnáil réamhtheachtach ola agus gáis san Éigipt, go príomha, ach ní go heisiach.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11418 – ADQ / EGPC / ETHYDCO / EDC / ELAB

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË